# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2016

**OIDEACHAS SAORÁNACH, SÓISIALTA AGUS POLAITIÚIL**

DÉ LUAIN, 13 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00-3.30

| Uimhir an Ionaid | | Scrúduimhir | |
|---|---|---|---|

**TREORACHA**

1. **Déan deimhin de go scríobhann tú do scrúduimhir sa bhosca thuas.**
2. Freagair **gach ceist** i Roinn 1 (18 marc)
   Freagair **trí cheist ar bith** i Roinn 2 (42 marc)
   Freagair **ceist amháin ar bith** i Roinn 3 (20 marc)
   Iomlán (80 marc)
3. **Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh.**
4. **Tabhair an páipéar seo ar ais ag deireadh an scrúdaithe.**

| | |
|---|---|
| **1**. Iomlán na n-iomlán bun leathanaigh | |
| **2**. Móriomlán na gceisteanna nár ceadaíodh | |
| **3**. An marc a bronnadh (1 lúide 2) | |
| **4**. Bónasmharc don fhreagairt trí Ghaeilge | |
| **5**. An marc iomlán a bronnadh | |

| | **Marc** | |
|---|---|---|
| An Scrúdpháipéar | | |
| An Tionscadal Gníomhaíochta | | |
| IOMLÁN | | |
| GRÁD | | |

| **DON SCRÚDAITHEOIR** | | | |
|---|---|---|---|
| | **Ceist** | **Marc** | |
| **Roinn 1** | **C1** | | |
| | **C2** | | |
| | **C3** | | |
| **Roinn 2** | **C1** | | |
| | **C2** | | |
| | **C3** | | |
| | **C4** | | |
| **Roinn 3** | **C1** | | |
| | **C2** | | |
| | **C3** | | |
| | **C4** | | |
| **IOMLÁN** | | | |
| **BÓNAS DON GHAEILGE** | | | |
| **MÓRIOMLÁN** | | | |

## ROINN 1

**Freagair GACH ceist sa roinn seo.**

**1.** Grianghraif de cheathrar duine mór le rá iad na grianghraif thíos. Tá an teideal atá acu nó a bhí acu tugtha duit freisin. Sa spás atá ar fáil, meaitseáil ainm gach duine leis an teideal ceart.

**Teidil:**

- Céad-Aire Thuaisceart Éireann
- Príomh-Choimisinéir Choimisiúin na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
- Feachtasóir um Chearta Daoine faoi mhíchumas agus an Ceann Feadhna ab óige riamh ar Pharáid Lá Fhéile Pádraig
- Coimisinéir an Gharda Síochána

**Níl sé ceadaithe gach teideal díobh a úsáid ach AON UAIR AMHÁIN.**



**Ainm:** Nóirín O'Sullivan

Teideal:______________________________

______________________________



**Ainm:** Arlene Foster

Teideal:______________________________

______________________________



**Ainm:** Joanne O'Riordan

Teideal:______________________________

______________________________



**Ainm:** Emily Logan

Teideal:______________________________

______________________________

(8 marc)

**2.** Cuir na focail chearta sna spásanna atá ar fáil chun na habairtí seo a leanas a chríochnú.
Tá an chéad litir de gach focal curtha ar fáil duit.

(a) Bhailigh an Phríomh-Oifig Staidrimh eolas ar dhaonra na hÉireann ar an 24 Aibreán 2016 trí d__________ a chur ar bun.

(b) Tá Ceanncheathrú na Náisiún Aontaithe i gcathair N__________-E__________.

(c) Is é O__________________ an Gharda Síochána an duine a dhéileálann le gearáin a dhéantar mar gheall ar bhaill den Gharda Síochána.

(d) Is é a thugtar ar an líon vótaí is gá d'iarrthóir a fháil i dtoghchán chun go dtoghfaí go huathoibríoch iad ná c__________.

(e) Is éard atá i l________________ carbóin duine ná tomhas ar a n-iarmhairt ar an gcomhshaol.

(f) Lainseáladh boinn agus nótaí bainc an e____________ mar airgeadra i 12 tír de chuid an Aontais Eorpaigh in Eanáir 2002.

(g) Is é an C______________ C____________________ Cathaoirleach na Dála.

(7 marc)

**3.** Tugtar cur síos ar cheithre acmhainn fuinnimh nádúrtha thíos.

Meaitseáil gach cineál acmhainn fuinnimh leis an gcur síos air. Cuir an litir A, B, C nó D in aice leis an gcur síos. Tá an chéad cheann déanta mar shampla duit.

**Níl sé ceadaithe aon litir díobh a úsáid níos mó ná AON UAIR AMHÁIN.**

**Acmhainní Fuinnimh Nádúrtha**

**A** Fuinneamh Núicléach
**B** Bithbhreoslaí
**C** Fuinneamh Gréine
**D** Cumhacht Hidrileictreach (Uisce)

| Litir | Cur Síos ar Acmhainní Fuinnimh Nádúrtha (Foinse: SNERL.com) |
|---|---|
| | Is fuinneamh é seo a bhailítear ón ngrian agus a thiontaítear ina leictreachas. |
| | Is fuinneamh é seo is féidir a ghiniúint nuair a thógtar dambaí ar aibhneacha. |
| **A** | Is fuinneamh é seo a ghintear as imoibrithe núicléacha. |
| | Is fuinneamh é seo a ghintear as plandaí, ainmhithe, dramhaíl ainmhithe agus fuíollábhair eile. |

(3 mharc)

**ROINN 2**

**Freagair TRÍ cinn ar bith de na ceisteanna uimhrithe 1, 2, 3, 4 thíos.**

**Tá 14 mharc ag gabháil le gach ceist.**

**1. GREEN DOG WALKERS ®**

**Scrúdaigh *Green Dog Walkers*® – bileog do Roinn 2, Ceist 1, atá priontáilte ar leathanach ar leith (leathanach 1).**

**Tar éis duit staidéar a dhéanamh ar an mbileog seo, freagair na ceisteanna thíos.**

(a) Ainmnigh comhairle contae **AMHÁIN** a chuir tús leis an tionscadal seo.

________________________________________________

Cad é an fhíneáil is lú a ghearrtar as bruscar faoi na hAchtanna um Thruailliú ó Bhruscar, 1997-2003?

________________________________________________

Cén céatadán de theaghlaigh na hÉireann a bhfuil madra acu, de réir na bileoige seo?

________________________________________________

(3 mharc)

(b) Cé na daoine is mó atá i mbaol ó ghalair a thagann ó shalachar madraí?

________________________________________________

Conas a ghlacann tú páirt in Green Dog Walkers®?

________________________________________________

________________________________________________

(2 mharc)

(c) Má fheiceann tú duine a bhfuil an banda muinchille / dáileoir málaí Green Dog Walkers® á chaitheamh aige nó aici, ainmnigh **DHÁ** rud atá geallta acu a dhéanamh.

1. ______________________________________________

2. ______________________________________________

(2 mharc)

(d) Teastaíonn ó **DO RANG OSSP** go mbeadh do scoilse níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol.

Ainmnigh **DHÁ** shaincheist chomhshaoil i do scoilse a bhféadfá dul i ngleic leo chun an aidhm seo a bhaint amach agus déan cur síos ar an ngníomhaíocht a d'fhéadfá a dhéanamh i ngach cás.

An chéad cheist: ______________________________________________

Cur síos ar an ngníomhaíocht: ______________________________________

______________________________________________

An dara ceist: ______________________________________________

Cur síos ar an ngníomhaíocht: ______________________________________

______________________________________________

(4 mharc)

(e) I 2015, bhuail ceannairí polaitiúla as beagnach 200 tír le chéile i bPáras ag cruinniú COP 21. Ag an gcruinniú seo, rinne siad pleananna agus leag siad amach spriocanna chun astuithe carbóin a laghdú mar mhaithe le cabhrú leis an bpláinéad a thabhairt slán.

Tabhair **TRÍ** chúis a bhfuil sé tábhachtach go dtiocfadh tíortha le chéile chun ceisteanna domhanda a phlé.

An chéad chúis: ______________________________________________

______________________________________________

An dara cúis: ______________________________________________

______________________________________________

An tríú cúis: ______________________________________________

______________________________________________

(3 mharc)

**2. COSC AR BHUIRGLÉIREACHT SA GHEIMHREADH**

**Scrúdaigh *Cosc ar Bhuirgléireacht sa Gheimhreadh* – grafaic faisnéise do Roinn 2, Ceist 2, atá priontáilte ar leathanach ar leith (leathanach 2).**

**Tar éis duit staidéar a dhéanamh ar an ngrafaic faisnéise seo, freagair na ceisteanna thíos.**

(a) Cad iad an **DÁ** phríomhbhealach isteach i dtithe nuair a tharlaíonn buirgléireacht, de réir na grafaice faisnéise seo?

1. ____________________ 2. ____________________

Cén céatadán de na buirgléireachtaí a tharlaíonn trí thaobhdhoras?____________________

(2 mharc)

(b) Cén t-am a tharlaíonn formhór na mbuirgléireachtaí? ____________________

Cad iad na nithe is coitianta a ghoideann buirgléirí?

____________________________________________

Cá moltar do dhaoine eochracha a stóráil go sábháilte, de réir na grafaice faisnéise?

____________________________________________

(3 mharc)

(c) Cén fáth a molfadh An Garda Síochána do dhaoine lasca amadóra a úsáid chun a dtithe a lasadh suas nuair a bhíonn siad as baile?

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

(2 mharc)

(d) Cuireann an Garda Síochána an dlí i bhfeidhm in Éirinn.
Déan cur síos ar **DHÁ** ghníomhaíocht a d'fhéadfadh **AN POBAL ÁITIÚIL AGAT FÉIN** a dhéanamh chun tacú le hobair an Gharda Síochána le stop a chur le coiriúlacht.

Cur síos ar an gcéad ghníomhaíocht: ______________________________

______________________________

______________________________

Cur síos ar an dara gníomhaíocht: ______________________________

______________________________

______________________________

(4 mharc)

(e) Bronntar Gradaim na Míre Gaile ar dhaoine a bhfuil beart cróga de shórt éigin déanta acu agus a chuir iad féin i mbaol chun duine eile a shábháil nó chun cabhrú le duine eile.

Tabhair **TRÍ** chúis a bhfuil sé tábhachtach go dtabharfaí aitheantas do chrógacht saoránach sa tslí seo.

An chéad chúis: ______________________________

______________________________

An dara cúis: ______________________________

______________________________

An tríú cúis: ______________________________

______________________________

(3 mharc)

**3. AISTEAR TEIFIGH**

**Scrúdaigh *Aistear Teifigh* – leathanach gréasáin do Roinn 2, Ceist 3, atá priontáilte ar leathanach ar leith (leathanach 3).**

**Tar éis duit staidéar a dhéanamh ar an leathanach gréasáin, freagair na ceisteanna thíos.**

(a) Úsáid an t-eolas ar an leathanach gréasáin chun an abairt seo a leanas a chríochnú:

Chun dul ó Aleppo sa tSiria go Horgos sa tSeirbia, ní mór do theifeach ______________ km a shiúl, aistear a thógfadh _____________ uair an chloig.

Cén fáth a bhfuil daoine ag teitheadh ón tSiria, de réir an leathanaigh ghréasáin seo?

___________________________________________________________________________

(2 mharc)

(b) Ainmnigh **DHÁ** rud a bhíonn ar theaghlaigh a dhéanamh ar an aistear crua seo.

1. ________________________________________________________________________

2. ________________________________________________________________________

Cá gcodlaíonn na teifigh agus iad ar an aistear seo?

___________________________________________________________________________

Cad atá sa phaca fóirithinte a dháileann World Vision ar theaghlaigh a bhfuil naíonáin acu?

___________________________________________________________________________

(3 mharc)

(c) Ainmnigh **DHÁ** chúis le géarchéimeanna daonnúla.

(i) __________________________________ (ii) __________________________________

(2 mharc)

(d) Tá duine áitiúil ag iarraidh trucail a líonadh le soláthairtí lena gcur go dtí campa teifeach san Eoraip. Teastaíonn ó do **RANGSA** bia agus earraí eile a bhailiú cun tacú leis an iarracht seo.

Ainmnigh **TRÍ** dhuine / ghrúpa thábhachtacha a mbeadh ort teagmháil a dhéanamh leo chun go bhféadfaí an bailiúchán a dhéanamh. Mínigh cén fáth a mbeadh ort teagmháil a dhéanamh leo.

An chéad duine / ghrúpa: ______________________________

Míniú: ______________________________

______________________________

An dara duine / grúpa: ______________________________

Míniú: ______________________________

______________________________

An tríú duine / grúpa: ______________________________

Míniú: ______________________________

______________________________

(3 mharc)

(e) Tá sé scríofa in Airteagal 14 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine (UDHR) go bhfuil sé de cheart ag gach duine tearmann ó ghéarleanúint a lorg agus a fháil i dtíortha eile. Dúirt Benjamin Zephaniah, buachaill agus teifeach atá 12 bliain d'aois, "Do gach duine an pláinéad seo, ní d'aon duine iad teorainneacha. Is í an tsaoirse bun agus barr an scéil."

(ó www.un.org agus www.goodreads.com)

Ach tá tíortha áirithe tar éis a dteorainneacha a dhúnadh ar theifigh. Tabhair **DHÁ** chúis a mb'fhéidir go ndéanfadh tíortha é seo.

An chéad chúis: ______________________________

______________________________

An dara cúis: ______________________________

______________________________

(4 mharc)

**4. MAIDIR LE FORÓIGE: CAIRT UM CHEARTA**

**Scrúdaigh *Maidir le Foróige: Cairt um Chearta* – leathanach gréasáin do Roinn 2, Ceist 4, atá priontáilte ar leathanach ar leith (leathanach 4).**

**Tar éis duit staidéar a dhéanamh ar an leathanach gréasáin seo, freagair na ceisteanna thíos.**

(a) Cén rud í Foróige?

____________________________________________

____________________________________________

Cathain a bunaíodh Foróige? ________________________________

(2 mharc)

(b) Cé mhéad duine óg atá ina mbaill d'Fhoróige agus cén raon aoiseanna atá ag na baill seo?

____________________ ____________________

Ainmnigh dhá chlár ar bith a bhfuil baint ag Foróige leo?

(i) ________________________________________

(ii) ________________________________________

Cén spreagadh a thugann Foróige do dhaoine óga?____________________

____________________________________________

(3 mharc)

(c) Ainmnigh seirbhís **AMHÁIN** a n-oibríonn Foróige léi. ____________________

Ainmnigh **DHÁ** cheart a bheidh ag gach duine óg i bhForóige.

An chéad cheart: ________________________________

An dara ceart: ________________________________

(2 mharc)

(d) An ceart deireanach ar chairt Fhoróige ná an ceart tairbhe a dhéanamh agus feabhas a chur ar an domhan i slí éigin.

Ainmnigh saincheist a bhaineann le cearta an duine agus déan cur síos ar ghníomhaíocht a mholfá do do ghrúpa Foróige áitiúil agus a chuirfeadh feabhas ar an domhan i slí éigin.

Ainm na ceiste a bhaineann le cearta an duine: ______________________________

______________________________________________________________

Cur síos ar an ngníomhaíocht: ________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

(4 mharc)

(e) Is é an mana saoránachta atá ag Foróige ná
*Ag tabhairt cumhachta don óige agus ag saibhriú pobal*.

Mínigh **TRÍ** shlí ar féidir le saoránach óg a c(h)uid cumhachta a úsáid chun tairbhe a dhéanamh don phobal áitiúil.

An chéad slí: ______________________________________________

______________________________________________________________

An dara slí: _______________________________________________

______________________________________________________________

An tríú slí: ________________________________________________

______________________________________________________________

(3 mharc)

**ROINN 3**

**Freagair CEANN AMHÁIN de na ceisteanna uimhrithe 1, 2, 3, 4 thíos.**

**Tá 20 marc ag gabháil le gach ceist.**

**Má tá breis páipéir uait chun an cheist seo a fhreagairt, iarr ar Fheitheoir an Scrúdaithe é, le do thoil.**

## 1. Cáisc 1916 a Chomóradh

Tá Éirí Amach na Cásca céad bliain ó shin i 1916 á chomóradh in 2016. Tá Rialtas na hÉireann tar éis clár imeachtaí a phleanáil chun an cuimhneachán seo a chomóradh. Ba mhaith le **DO PHOBAL ÁITIÚIL** paráid a eagrú mar chuid de na himeachtaí seo.

a) Liostaigh **SÉ** cinn de na céimeanna a bheadh ar do phobal áitiúil a thógáil chun an pharáid seo a eagrú agus déan cur síos orthu. (6 mharc)

b) Ba mhaith leis na heagraithe go nglacfadh leanaí ón mbunscoil áitiúil páirt sa pharáid seo agus iarradh **ORTSA** litir a scríobh go dtí an bhunscoil áitiúil mar gheall air seo.

Scríobh an litir agus sa litir sin, tabhair **TRÍ** chúis a bhfuil sé tábhachtach go nglacfadh na leanaí páirt sa pharáid. (6 mharc)

c) Spreagadh scoileanna le Éirí Amach na Cásca céad bliain ó shin i 1916 a chomóradh. Ainmnigh agus mínigh **DHÁ** shlí a bhféadfadh do scoilse comóradh a dhéanamh ar an ócáid speisialta seo. (8 marc)

## 2. Lá na Náisiún Aontaithe



Ceiliúrtar Lá na Náisiún Aontaithe ar 24 Deireadh Fómhair gach bliain. Tá an ceiliúradh seo á dhéanamh ó 1948. Bheartaigh do **RANG OSSP** gur mhaith leo taispeántas grianghraf a chur ar bun i bpríomhphasáiste na scoile chun ceiliúradh a dhéanamh ar an lá seo.

a) Tabhair **DHÁ** chúis a dteastaíonn uait taispeántas grianghraf a chur ar bun agus déan cur síos ar **CHEITHRE** chéim thábhachtacha i bpleanáil na gníomhaíochta seo. (8 marc)

b) Dear an póstaer a d'úsáidfeadh do rang chun mic léinn a spreagadh le grianghraif a sheoladh isteach do thaispeántas ceiliúrtha Lá na Náisiún Aontaithe.

(Tá leathanach bán i gcúl an fhreagarleabhair seo don phóstaer.) (6 mharc)

c) Tabhair **TRÍ** chúis a gceapann tú go bhfuil sé tábhachtach ceiliúradh a dhéanamh ar Lá na Náisiún Aontaithe. (6 mharc)

**3. Forbairt Áitiúil**

Tá sé beartaithe ag do rang OSSP cuairt a thabhairt ar Oifigí na Comhairle Áitiúla chun labhairt faoin bplean forbartha áitiúil.

a) Déan cur síos ar **SHÉ** chéim thábhachtacha riachtanacha a bheadh ar do **RANG OSSP** a leanúint chun an chuairt ar Oifigí na Comhairle Áitiúla a eagrú. (6 mharc)

b) Creideann do rangsa go bhfuil gá le caifé óige do dhaoine óga i do cheantar.

Scríobh an t-alt a **LÉIFEÁ** amach do na daoine sa Roinn Pleanála ag déanamh argóna ar son an chaifé óige seo. Cuir san áireamh ann **DHÁ** chúis a bhfuil gá le caifé óige sa cheantar. Tabhair breac-chuntas freisin ar agóid **AMHÁIN** a d'fhéadfaí a dhéanamh i gcoinne an chaifé óige. (6 mharc)

c) Tá an-spéis ag na daoine sa Roinn Pleanála sa chaifé óige a mhol tú ach tá fianaise ag teastáil uathu go bhfuil éileamh ar an moladh seo i measc an phobail.

Déan cur síos ar **CHEITHRE** ghníomhaíocht a d'fhéadfadh **DO RANGSA** a dhéanamh chun tacaíocht a fháil i measc an phobail do chaifé óige. (8 marc)

**4. Vótáil**




Bíonn Olltoghchán in Éirinn gach aon cúig bliana ar a laghad. Tá sé beartaithe ag **DO RANG OSSP** ócáid eolais a chur ar siúl sa scoil agaibh féin chun eolas breise a thabhairt do mhic léinn mar gheall ar phróiseas na vótála in Éirinn.

a) Ainmnigh agus mínigh an obair a dhéanfadh **TRÍ** choiste a bhunófá chun an ócáid eolais seo a eagrú. (6 mharc)

b) Dear cuireadh a sheolfá chuig baill de phobal na scoile chun freastal ar an ócáid eolais seo. Cuir mana san áireamh chun mic léinn a **SPREAGADH** le freastal ar an ócáid.

(Tá leathanach bán i gcúl an fhreagarleabhair seo don chuireadh.)

(6 mharc)

c) Uaireanta roghnaíonn daoine gan vótáil sna toghcháin.

Scríobh alt ina gcuirtear i láthair **CEITHRE** argóint ar son vótála a thabharfá do dhuine atá ag déanamh an rogha seo. (8 marc)

**Cuir tic [ ✓] leis an gceist as Roinn 3 atá á fhreagairt agat, le do thoil.**

**C. 1** ☐ **C. 2** ☐ **C. 3** ☐ **C. 4** ☐

**Chun an cheist ar an bPÓSTAER [*C2 (b)*] nó an cheist ar an gCUIREADH [C*4 (b)*] i Roinn 3 amháin a fhreagairt.**